**RABHADH**
**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 5 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.00**

**Treoracha d'Iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG CHEIST laistigh**

- Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó cuid (B)
- Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó cuid (C)
- Ceist 4 *ar na leathanaigh 14, 15 agus 16*
  Freagair (A), (B) agus (C)
- Ceist 5 *ar leathanach 17*
  Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna uile.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

**CEIST 1**
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

## (A) CEISTEANNA ILROGHNACHA (12 mharc)

**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

(a) Gaillimh ☐ (b) Béal Feirste ☐

(c) Baile Átha Cliath ☑ (d) Port Láirge ☐ (1)

***1.*** Tomhaistear teocht:

(a) i gcéimeanna ☐ (b) i gcililítir ☐

(c) i méadair ☐ (d) i gcileagraim ☐ (1)

***2.*** An gléas a úsáidtear chun teocht a thomhas ná:

(a) baraiméadar ☐ (b) ainéimiméadar ☐

(c) teirmiméadar ☐ (d) scálaí tomhais ☐ (1)

***3.*** Tháinig na Lochlannaigh go hÉirinn:

(a) de shiúl cos ☐ (b) ar an traein ☐

(c) ar chapaill ☐ (d) i mbáid ☐ (1)

***4.*** Is é a tugadh ar mhanaigh a rinne taifeadadh ar imeachtaí nuair a scríobh siad síos iad ná:

(a) poitigéirí ☐ (b) scríobhaithe ☐

(c) sagairt ☐ (d) easpaig ☐ (1)

***5.*** Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, is í an tsiombail do bhrú óige ná:

(a) triantán dearg ☐ (b) réalta ghorm ☐

(c) ciorcal le cearnóg timpeall air ☐ (d) an litir mhór 'H' ☐ (1)

***6.*** Déanann 'bratach ghorm le 12 réalta órga leagtha amach i gciorcal' cur síos ar an mbratach:

(a) de na Stáit Aontaithe ☐ (b) de na Náisiúin Aontaithe ☐

(c) den Aontas Eorpach ☐ (d) den Vatacáin ☐ (1)

*7.* Ar léarscáil is éard a chuireann comhrianta in iúl ná:

(a) abhainn ☐ (b) cosáin ☐


(c) teocht ☐ (d) airde os cionn leibhéal na farraige ☐ (1)

*8.* Is ionaid iad scoileanna, coláistí agus ollscoileanna:

(a) don chaitheamh aimsire ☐ (b) don tionsclaíocht ☐

(c) don airgeadas ☐ (d) don oideachas ☐ (1)

*9.* Sa phictiúr seo tá



(a) tuirne ☐ (b) bró

(c) seol ☐ (d) ceárta ☐ (1)

*10.* De ghnáth faightear na foirgnimh ar a nglaoitear 'cloigthí':

(a) i bhfeirm ☐ (b) i mainistir ☐

(c) i gcalafort ☐ (d) i gcrannóg ☐ (1)

*11.* Is é a tugadh ar na daoine a rinne ionradh ar Éirinn in 1169 ná:

(a) na Lochlannaigh ☐ (b) na Ceiltigh ☐

(c) na Normannaigh ☐ (d) na Sacsanaigh ☐ (1)

*12.* Is éard is mó a bhíonn i limistéar cónaithe ná:

(a) monarchana ☐ (b) tithe ☐

(c) stáisiúin chumhachta ☐ (d) feirmeacha ☐ (1)

*13.* Cén tír inar cuireadh tús leis an Réabhlóid Thionsclaíoch?

(a) Éire ☐ (b) An Fhrainc ☐

(c) An Bhreatain ☐ (d) S.A.M. ☐ (1)

*14.* Is sampla é/í d'acmhainn <u>inathnuaite</u>:

(a) gual ☐ (b) gás ☐

(c) ola ☐ (d) gaoth ☐ (1)

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**
**(6 mharc)**


I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh ar cheann **AMHÁIN** de na topaicí seo a leanas:

(a) Uirlisí troda
**NÓ**
(b) Éadaí
**NÓ**
(c) Tithe
**NÓ**
(d) Nósanna adhlactha

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé uirthi ná ______________________________________

(6)

**(C) TIMTHRIALL AN UISCE** **(6 mharc)**




***1.*** Taispeánann an léaráid seo Timthriall an Uisce. Féach ar an léaráid agus comhlánaigh iad seo a leanas.

Ag A, tá galuisce á dhéanamh as uisce ag teas na gréine agus téann an galuisce suas.

Ag B, ____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

Ag C, ____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

Ag D, tá uisce báistí ag sú isteach sa talamh. (4)

***2.*** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach a chinntiú nach ndéantar an t-uisce a thruailliú?

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________ (2)

# CEIST 2

**24 marc**

**Freagair cuid (A) nó cuid (B)**

## (A) AN PHLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS (24 marc)

Déan staidéar ar an liosta thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Liosta d'earraí a tugadh go Doire ar bord an '*Sunflower of London*' i mí Iúil 1615.**

| | |
|---|---|
| 720 trinsiúr (sluasaid) | 1 bheart friochtán |
| 8 bpota iarainn | 1 chiteal iarainn |
| 3 bhairille gallúnaí | 1 bhíoma iarainn |
| 1 bhairille stáirse | 1 soitheach rísíní |
| 1 soitheach cuiríní | 1 chorna de rópa |
| 11 bhairille tairní | 48 píce le clúdaigh chinn |
| 1 mhuscaed | 1 bhairille de phúdar gunna |

*1.* Cathain a tugadh na hearraí go hÉirinn? ________________________________________ (1)

*2.* Cén long a thug na hearraí? ________________________________________ (1)

*3.* Cén áit in Éirinn a tháinig an long i dtír? ________________________________________ (1)

*4.* Cé mhéad píce a tugadh go hÉirinn? ________________________________________ (1)

*5.* Cé mhéad rópa a tugadh go hÉirinn? ________________________________________ (1)

*6.* Ainmnigh uirlis troda **AMHÁIN** ón liosta a úsáideann púdar gunna. ________________ (1)

*7.* Ainmnigh **DHÁ** earra ón liosta a d'fhéadfaí a úsáid chun teach a thógáil.

**1.**________________________________________

**2.** ________________________________________ (2)

*8.* Ainmnigh **DHÁ** earra ón liosta a d'fhéadfaí a úsáid chun an teach a chosaint.

**1.**________________________________________

**2.** ________________________________________ (2)

*9.* Ainmnigh **DHÁ** earra ón liosta a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cócaireachta.

**1.**________________________________________

**2.** ________________________________________ (2)

***10.*** Tabhair píosa **AMHÁIN** fianaise ón liosta a thaispeánann go ndearnadh éadach nó teicstílí i nDoire.

______________________________________________ (2)

***11.*** Mínigh conas a bhí ceangail idir mhuintir Dhoire agus muintir Londain.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

***12.*** Scríobh alt ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

**(a)** Na cúiseanna a bhíonn le plandálacha a bheith déanta.

**<u>NÓ</u>**

**(b)** Na torthaí ar phlándáil Uladh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (6)

**NÓ**

## (B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS

**Léigh 'Scéal Maria Franco ' thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.**

**Scéal Maria Franco**

**Tá cónaí ar Maria Franco san Favela del Metro ar imeall Rio de Janeiro. Úsáidtear an focal 'favela' sa Bhrasaíl chun cur síos a dhéanamh ar na plódcheantair ina meastar go bhfuil cónaí ar suas le 21 mhilliún Brasaíleach. Cuireadh iallach orthu de bharr ocrais, nó easpa oibre nó talún, na ceantair tuaithe a fhágáil agus bogadh go dtí na cathracha ag lorg oibre agus saol níos fearr.**

**Ceapann Maria nach bhfuil Favela del Metro ar an áit is measa le cónaí inti mar, d'ainneoin a mbochtanas, oibríonn na daoine go dian leis an áit a fheabhsú. Is áit ghlórach í mar ritheann an Metro, traein faoi thalamh na cathrach, díreach fúthu. In aice leo tá dhá bhóthar broidiúla a théann ar aghaidh go dtí an príomh-mhórbhealach. Tá na háiseanna ginearálta sa favela go dona mar tá na daoine bocht.**

**Tá tithe na ndaoine cosúil le Maria an-sobhriste. Déantar as adhmad iad agus is furasta iad a shéideadh chun siúil. Tá mórán de na tithe tógtha an-chóngarach dá chéile agus bíonn baol dóiteáin ann i gcónaí. Is áit chontúirteach do pháistí í mar, leis an trácht trom ar na bóithre máguaird, bíonn sé geall leis dodhéanta dóibh súgradh.**

***1.*** Cá bhfuil an favela del Metro? ________________________ (1)

***2.*** Cad is 'favela' ann? ________________________ (1)

***3.*** Cé mhéad Brasaíleach a chónaíonn i favelas? ________________________ (1)

***4.*** Tabhair **DHÁ** thoisc a bhrúnn na Brasaíligh amach as an tuath.

1. ________________ 2.________________ (2)

***5.*** Tabhair **DHÁ** thoisc a tharraingíonn na Brasaíligh go dtí na cathracha.

1. ________________ 2.________________ (2)

***6.*** Cén fáth a gceapann Maria nach bhfuil Favela del Metro ar an áit is measa le cónaí inti?

________________________________________

________________________________________ (2)

***7.*** Cén fáth a bhfuil an Favelo del Metro chomh glórach sin? Tabhair **DHÁ** chúis.

1.________________________________________

2.________________________________________ (2)

***8.*** Cén **DÁ** bhaol atá ag bagairt ar mhuintir Favelo del Metro toisc a dtithe a bheith chomh sobhriste sin?

1.________________________________________

2.________________________________________ (2)

**9.** Tabhair slí **AMHÁIN** ina bhfuil an saol i favela difriúil ón saol in Éirinn sa lá inniu.

______________________________________________

______________________________________________ (2)

**Déan staidéar ar na pictiúir thíos de favelas sa Bhrasaíl agus freagair na ceisteanna a leanann iad.**





**10.** Ainmnigh **DHÁ** ábhar tógála a úsáidtear chun tithe a thógáil sna favelas.

1.______________________ 2.______________________ (2)

**11.** Tabhair **DHÁ** phíosa fianaise ó na fótagraif chun a thaispeáint go bhfuil roinnt daoine saibhre sa Bhrasaíl.

1.______________________ 2.______________________ (2)

**12.** Tabhair **DHÁ** rud a d'fhéadfadh rialtas na Brasaíle a dhéanamh chun saol na ndaoine bochta, a chónaíonn sna favelas, a fheabhsú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (5)


# CEIST 3
**24 marc**

**Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) nó cuid (C)**


**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH** **(12 mharc)**

D'oibrigh mórán ban agus páistí i mianaigh i rith na Réabhlóide Tionsclaíche.

D'oibrigh a bhformhór mar 'hurriers' nó mar 'trappers'.




Tharraing na 'hurriers' trucailí troma guail feadh tolláin bheaga gan solas.




Shuigh 'trappers' sa dorchadas agus d'oscail siad geataí adhmaid chun na 'hurriers' agus a dtrucailí troma a scaoileadh tríd.

Bhí Sarah Gooder ocht mbliana d'aois agus d'oibrigh sí mar trapper. Dúirt sí:

> *Is 'trapper' mé i mianach Gawber. Ní chuireann sé tuirse orm, ach bíonn orm oibriú gan solas agus bíonn eagla orm. Téim ar obair ag a ceathair agus uaireanta leathuair tar éis a trí ar maidin agus tagaim amach ag a leathuair tar éis a cúig sa tráthnóna.*
>
> *Uaireanta canaim, agus mé ag obair, nuair a bhíonn solas agam ach ní chanaim sa dorchadas; ní bhíonn de dhánaíocht ionam canadh ansin. Ní maith liom an dorchadas. Ní maith liom a bheith sa mhianach.*
>
> *Téim chuig scoileanna Domhnaigh agus déanaim 'léitheoireacht déanta furasta' a léamh. Foghlaimím paidreacha ar scoil. B'fhearr liom go mór a bheith ar scoil ná a bheith sa mhianach.*

***1.*** Cén aois a bhí ag Sarah?

______________________________ (1)

***2.*** Cén fáth, dar leat, nach raibh soilsiú sna tolláin sna mianaigh?

______________________________

______________________________ (2)

***3.*** Cad iad na fadhbanna sláinte a bhí ag daoine a d'oibrigh sna mianaigh?

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (3)

***4.*** Cén fhianaise atá ann nach dtaitníonn le Sarah oibriú mar 'trapper'?

______________________________

______________________________

______________________________ (3)

***5.*** Cén fáth ar oibrigh an oiread sin ban agus páistí sna mianaigh i rith na Réabhlóide Tionsclaíche?

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (3)

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**







Freagair na ceisteanna thíos.

***1.*** Ainmnigh uirlis troda nua **AMHÁIN** a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda.

_______________________________________________ (2)

***2.*** Céard é 'latrach an áir'?

_______________________________________________

_______________________________________________ (4)

***3.*** Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas.

a. Ag imeacht 'thar an mbarr'
b. Conradh Versailles
c. An Lusitania á chur faoi uisce
d. An saol sna trinsí

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ (6)

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

*1.* Cuir gach tír sa ghrúpa ceart. Tá trí thír i ngach grúpa.

(Tá dhá ceann déanta duit).

| | | |
|---|---|---|
| **~~An Ghearmáin~~** | **An Bhreatain** | **An Iodáil** |
| **Na Stáit Aontaithe** | **An tSeapáin** | **~~An Rúis~~** |

| | | |
|---|---|---|
| Sa Dara Cogadh Domhanda bhí<br>**An Ghearmáin**<br>**agus** ......................................<br>**agus** ...................................... | **ag troid leis** | **An Rúis**<br>**agus** ......................................<br>**agus** ...................................... |

(4)

*2.* Féach ar na pictiúir thíos agus freagair na ceisteanna a leanann iad.








Ó 1941, cé acu grúpa daoine, a raibh cónaí orthu sa Ghearmáin, a cuireadh iallach orthu réaltaí buí a chaitheamh ar a gcuid éadaigh?

______________________________________________________________________ (2)

*3.* Scríobh faoi conas mar a bhí an saol ag daoine a cuireadh go sluachampaí géibhinn.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (6)

# CEIST 4
**24 marc**

**Freagair GACH cuid (A), (B) agus (C).**

**(A) AN DOMHAN FORBARTHA – ÚSÁID AN UISCE** **(8 marc)**

**Léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna go léir thíos.**





Úsáideann daoine uisce do mhórán rudaí mar ól, níochán, cócaireacht agus plandaí a uisciú.
Ar meán, úsáideann gach duine in Éirinn faoi láthair thart ar 150 lítear uisce gach lá.

GO GARBH, úsáidtear mar seo é

50 lítear uisce chun an leithreas a shruthlú
27 lítear uisce chun na miasa a ní
15 lítear uisce i gcócaireacht
30 lítear uisce chun na héadaí a ní i meaisín
18 lítear uisce chun an gairdín a uisciú
10 lítear uisce in úsáidí eile
(ól, lámha a ní, fiacla a scuabadh)

***1.*** Cuir ciorcal timpeall ar an **DÁ** ráiteas atá **FÍOR**

a. Tá an t-uisce go léir ar domhan inólta

b. Úsáideann cithfholcthaí níos lú uisce na folcthaí

c. Má tá abhainn truaillithe, is furasta í a ghlanadh

d. Teastaíonn uisce ó dhaoine chun maireachtáil

(2)

***2.*** Mol rud **AMHÁIN** a d'fhéadfá a dhéanamh chun úsáid an uisce a laghdú san áit ina bhfuil cónaí ort.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***3.*** Dá n-éireodh uisce sconna na tíre baolach lena ól, cad iad na fadhbanna a bhainfeadh leis seo, dar leat?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

**(B) AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA – ÚSÁID AN UISCE** **(8 marc)**

**Léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna go léir thíos.**

I mórán tíortha Afraiceacha is cuid mhór den obair í uisce a bhailiú gach lá. Sa chuid is mó déanann mná agus páistí an obair seo. Bíonn ar mhná áirithe siúl ar feadh tréimhse fada den lá go dtí an abhainn nó an pol uisce agus ansin bíonn orthu an t-uisce a thabhairt ar ais abhaile. Tá uisce an-trom.



Bíonn an t-ádh leis na daoine i sráidbhailte áirithe. Thochail siad tobair (uaireanta le cabhair ó mhuintir na hÉireann) agus tá siad in ann a gcuid uisce a fháil ó sconna mór a fhreastalaíonn ar an sráidbhaile go léir. De ghnáth, bíonn an t-uisce as na tobair i bhfad níos glaine ná an t-uisce as na poill uisce nó na haibhneacha.

Níl sé costasach tobar a thochailt agus de ghnáth bíonn sé an-fhurasta iad a shocrú má bhriseann siad.

***1.*** I mórán tíortha Afraiceacha, cé a bhíonn freagrach as an uisce a bhailiú?

________________________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh grúpa nó eagraíocht **AMHÁIN** as Éirinn a oibríonn le daoine i roinnt tíortha Afraiceacha chun tobair a thochailt agus a ndálaí maireachtála a fheabhsú.

________________________________________ (2)

***3.*** Tabhair **DHÁ** shampla den tslí a mbeadh athrú saoil ann do shráidbhaile dá gcabhrófaí leo tobar a thochailt.

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)

**(C) AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA – IONCHAS SAOIL** **(8 marc)**

**Léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna go léir thíos.**

Comhartha maith ar shláinte tíre is ea *Ionchas Saoil* nó an fad a mheastar go mairfidh daoine.

Roinnt rudaí a chabhraíonn le daoine maireachtáil níos faide ná:

bheith in ann uisce glan a fháil

bheith in ann cóir leighis a fháil

bheith in ann a ndóthain bia a fháil

maireachtáil i ndálaí glana

maireachtáil i dtír atá saor ó chogadh

Is iad seo na figiúir ionchas saoil ag roinnt tíortha:

| | |
|---|---|
| Éire (An Eoraip) | 78 bliana |
| An Tansáin (An Afraic) | 51 bliana |
| Mailí (An Afraic) | 49 bliana |
| An Bhrasaíl (Meiriceá Theas) | 72 bliana |
| Angóla (An Afraic) | 38 bliana |
| An Astráil (An Aigéine) | 81 bliana |
| Na Stáit Aontaithe (Meiriceá Thuaidh) | 78 bliana |
| An Iorua (An Eoraip) | 79 bliana |

***1.*** Is é an tIonchas Saoil do dhuine a rugadh in Éirinn ná _______________ bliana. (1)

***2.*** Is é an tIonchas Saoil do dhuine a rugadh san Astráil ná ______________ bliana. (1)

***3.*** Tá na trí thír leis an ionchas saoil **IS ÍSLE** ar fad ar an mór-roinn seo

_________________________ (2)

***4.*** Cén fáth a maireann daoine, a rugadh san Eoraip nó i Meiriceá Thuaidh, níos faide ná daoine a rugadh san Afraic. Tabhair **DHÁ** chúis.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ (4)

# CEIST 5

**24 marc**

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an Léarscáil 1 : 50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an t-aerfótagraf a thagann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf cathair na Gaillimhe agus an ceantar ina timpeall.

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** Phríomhbhóthar Náisiúnta a thaispeántar ar an léarscáil

__________________________ agus ______________________________ (4)

***2.*** Tabhair ainmneacha **DHÁ** chineál iompair a d'fhéadfá a úsáid chun taisteal go Gaillimh.

a. D'fhéadfainn taisteal go Gaillimh i ______________________.

Tá sé seo ar eolas agam mar ar an léarscáil feicim

____________________________________________________________

b. D'fhéadfainn taisteal go Gaillimh i ______________________.

Tá sé seo ar eolas agam mar ar an léarscáil feicim

____________________________________________________________ (4)

***3.*** Agus an léarscáil á húsáid agat, tabhair ainmneacha **DHÁ** oileán atá suite i gCuan na Gaillimhe.

__________________________ agus ______________________________ (4)

***4.*** Agus tú ag féachaint ar an léarscáil agus ar an bhfótagraf, cén fhianaise atá ann gur cathair ghnóthach í an Ghaillimh?

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________ (4)

***5.*** Cén ghné a fhaightear ag M 370 287?

____________________________________________________________ (4)

***6.*** Tá Eastát Tionsclaíoch An Cheathrú Chaoil (Carrowkeel) ag M 380 260.
Cad iad na cúiseanna, dar leat, ar roghnaíodh an láthair seo don Eastát Tionsclaíoch?

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________ (4)

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán